



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 6 EAGRÁN 2

MÁRTA—AIBREÁN 2019

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Dath is gileacht (dán)	2
Éin na spéire (dán)	2
Scéal grinn	3
Sacar - “an cluiche álainn!”	4
Stanley Kubrick i bPort Láirge	5
Tae tráthnóna i dTeach an Ardmhéara	6
Ón Spáinn go Sligeach	7
Agallamh le Bean an Ardmhéara	8
Sóivéid Luimnigh - Aibreán 1919	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Foclóir	11
Cuairteoirí ar Oileán an Bhulla	12

RAIDIÓ TEILIFÍS GHALLDA

Tá *Scéim Teanga do 2019-2022* foilsithe ag *Raidió Teilifís Éireann* faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúil, 2003*. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán. Tagann leath den cháipéis ó *Straitéis do RTÉ 2018-2022*. Tá an dá rud lán le béarlagar na bainistíochta agus le gaoltaireacht ina bhfuil níos mó tagairt do “iléagsúlacht dhomhain na tíre” ná don chultúr Gaelach. Is maith le boic RTÉ an focal “iléagsúlacht”. Ceanglaítear na gnáth nathanna cainte le gealltanais faoin nGaeilge, “*ach amháin*”, “*más féidir é*”, “*ag brath ar*” agus ní thugtar mionsonraí ná spriocanna nuair a deirtear “*beidh ardú i méid na Gaeilge le linn ré feidhme na scéime*”. San Aibreán freisin chinn an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, gur sháraigh RTÉ an dlí craolacháin maidir lena dhualgas i leith na Gaeilge agus 99.3% dá sceideal teilifíse i mBéarla amháin agus go bhfuil an craoltóir “*ar neamhréir le toil Thithe an Oireachtais*”. Is beag an tsuim a chuir na Tithe céanna sa tuairisc. Tá an meas céanna acu ar an Teanga agus atá ag RTÉ.

Bunaíodh Raidió Éireann i 1926 chun cabhrú le tógáil tionscadail náisiúnta agus chultúrtha ina raibh an Ghaeilge mar chuid lárnach. Bhí 11.3% dá chraoladh i nGaeilge i 1945. Bhí an aisling níos laige faoin am a bunaíodh Teilifís Éireann i

1961. Bhí uasmhéid, 6.3% , den chraolachán i nGaeilge acu i 1968. Tá sé ag titim ó shin. Cuireadh an Ghaeilge ar an imeall ag an leasú don Acht Craolacháin a thóg Cruise O’Brien isteach i 1976 lena bhéim ar “*míreanna éagsúla den chultúr*” in ionad béim ar an nGaeilge. Le bunú RTÉ2 aistríodh cláir Ghaeilge don stáisiún sin agus bhí titim sa lucht féachana. Is beag suim a thaispeáin RTÉ sa Teanga ó shin. Deir siad gur chraol siad 28 n-uaire de chláir nua (seachas an Nuacht agus cláir do pháistí) i nGaeilge ar chostas 24 mhilliún i 2017. Sin 4.6 nóiméad an lá - agus tá siad ag maíomh faoi sin!

Bíonn an béal bocht á dhéanamh ag RTÉ i gcónaí ach tá tuarastail arda á dtabhairt acu dá mbainisteoirí agus dá “réaltaí”. Scannal is ea é seo. Ní dúirt an Rialtas go mbeidh siad ag leagan pionóis ar RTÉ faoin sárú dlí craolacháin. Is craoltóir an Angla-Meiriceánachais seachas an chultúr náisiúnta é RTÉ. Ba cheart deireadh a chur le sruth na meala sin. Ceistigh na polaiteoirí a bheidh ag teacht chugat i mBealtaine faoi RTÉ.



CEACHT BEAG GAEILGE: 'SEO' AGUS 'SIN'



Baintear feidhm as na haidiachtaí taispeántacha, 'seo (**this**)' agus 'sin (**that**)' chun béim a chur ar ainmfhocal nó ar aidiacht.

Ná measc na focail thuas le 'anseo/(**here**)' agus 'ansin/(**there**)'!

Nuair a thagann réamhfhocal simplí (ag, ar,....) roimh 'seo/sin' baintear feidhm as tríú pearsa fhirinsneach an réamhfhocail:

ag (**at**) - aige seo/sin; ar (**on**) - air seo/sin; as (**out of, from**) - as seo/sin;
 chuig (**to, towards**) - chuige seo/sin; de (**of, off**) - de seo/sin; do (**to, for**) - dó seo/sin;
 faoi (**under, about**) - faoi seo/sin; fara (**along with**) - fairis seo/sin;
 idir (**between**) - idir seo/sin; le (**with**) - leis seo/sin; ó (**from**) - uaidh seo/sin;
 roimh (**before, in front of**) - roimhe seo/sin; thar (**by, over**) - thairis seo/sin;
 trí (**through, among**) - tríd seo/sin; um (**about, at**) - uime seo/sin

Dath is Gileacht

Grian mheán lae
Go hard os mo chionn
Ar mo thaisteal laethúil.

An gabha dubh
Ina sheasamh go guagach
Ar charraig mhór ar an mbruach.

I gcionn meandair
Aníos léi go tapa
Is na caorthintí síos an sruthán
Tuairim dhá through os mo chionn

Aníos arís léi is thug
Sciúird isteach léi faoin droichead.
Is é sin a háit chónaithe
Go deas seascair ciúin.


Ar aghaidh liom
Níos faide síos
Is ar an mbruach
Lusanna an chromchinn
Go spleodrach
I líntí fada órga.

Ar an mbruach eile
Aonscothanna is caisearbháin órga
chomh maith

Ach gan aon choimhlint anseo
A spás féin acu uilig.

An tEarrach ar ghort an bhaile
Mar bhantiarna ag taispeáint a róbaí dúinn

Arís is arís eile
Le dathanna is gileacht.



Éin na spéire

Éin na spéire, dathanna cineálacha
ag ceiliúr go haoibhinn i measc na gcrainnte,
solas na gréine is dorchadas na gealaí
brath an tsuaimhnis titithe go maidin.


Éin na gréine go moch ar maidin,
ceol ag ardú i dtreo na spéire.
Éin ag eitilt go barr na spéire,
an domhan mór úr dúisithe éirithe.

Chím dathanna éagsúla ag tapú
suas, suas, suas go hard na spéire.
Meallta ag an ngrian dheas fhuilteach
gan glór fágtha ach ciúnas na maidine

Mé ag siúl tríd na coillte
mo chairde fiáine go léir ag eitilt
ag fiach, ag tóraíocht, ag lorg bia
go dtí go dtiteann oíche dhubh eile.

Fáinleoga an Earraigh réidh chun imeacht
go críocha teo, turas fada ó dheas.
Níl ceo fágtha ach uaigneas na hoíche
is mé liom féin i mo luí ina measc.

Pádraig Ó Muircheartaigh



Nuala Bhreathnach

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Seán Ó Fearghail

Bhí sé ag druidim le deireadh an fhómhair i gceantar iargúlta i dtuaisceart Cheanada. D'fhiafraigh treabh dúchasach dá taoiseach nua an mbeadh an geimhreadh a bhí rompu crua nó séimh. Ós rud é gurbh fhear óg é agus go bhfuair sé a chuid oideachais sa chathair mhór i sochaí nua-aimseartha, ní raibh aon eolas aige ar nósanna traidisiúnta a mhuintire. Mar sin, nuair a d'fhéach sé ar an spéir, níorbh fhéidir leis aon chomhartha a aithint sna scamail ná sa ghaoth. Ní raibh sé in ann aon bhuille faoi thuairim a thabhairt faoin aimsir, ná aon tuar a dhéanamh ar fhuacht an gheimhridh. Mar sin féin, toisc go raibh sé ina cheannaire praiticiúil, rith sé leis gur chóir dó scairt a chur ar an tseirbhís náisiúnta mheitéareolaíochta.



- An mbeidh an geimhreadh atá le teacht an-fhuar? – d'fhiafraigh sé díobh.

- Beidh, is cosúil go mbeidh an geimhreadh seo chugainn fuar go leor. - d'fhreagair an meitéareolaí a bhí ar dualgas.

Mar sin, d'fhill an taoiseach lena mhuintir agus dúirt leo go mbeadh sé chomh maith dóibh níos mó adhmaid tine a bhailiú, le bheith níos ullmhaithe fós.



Seachtain ina dhiaidh sin, ghlaoigh sé ar an tseirbhís mheitéareolaíochta arís agus chuir an cheist chéanna.

- An bhfuil sibh fós cinnte gur gheimhreadh an-fhuar a bheidh ann?

- Tá - d'fhreagair an meitéareolaí – tá gach comhartha ann go mbeidh sé an-fhuar ar fad.

Faoin am sin bhí sé dáiríre buartha faoina phobal, agus nuair a d'fhill sé don champa d'ordaigh sé do gach aon duine acu an oiread adhmaid agus ab fhéidir leo a bhailiú, mar gur chosúil gur gheimhreadh fíor-chrua a bheadh ann.

Coicís ina dhiaidh sin, ghlaoigh an taoiseach ar an tseirbhís mheitéareolaíochta arís.

- An bhfuil tú go huile is go hiomlán cinnte go mbeidh geimhreadh crua againn?

- Tá, cinnte dearfa, níl aon amhras ann ach go bhfuil ceann de na geimhrí is fuair riamh ag teacht.

- Agus conas is féidir leat a bheith chomh cinnte sin?

- Gach aon mhaidin agus mé ag tiomáint don oifig anseo bím ag breathnú ar dhúchasaigh an cheantair. Is iadsan na daoine a thuigeann comharthaí na haimsire, níos fearr ná na heolaithe féin, agus anois tá siad ag bailiú connaidh amhail is go bhfuil deifir an diabhair orthu!

Foclóirín

ag druidim - **approaching**; iargúlta - **remote**; tuaisceart - **north**; d'fhiafraigh - **asked**; treabh - **tribe**; dúchasach - **native**; taoiseach - **chief**; crua - **hard**; séimh - **mild**; oideachas - **education**; sochaí - **society**; nua-aimseartha - **modern**; eolas - **information**; nósanna - **customs**; d'fhéach - **looked**; níorbh fhéidir leis - **he was not able**; comhartha - **sign**; aithint - **recognise**; scamail - **clouds**; gaoth - **wind**; in ann - **able**; buille faoi thuairim - **guess**; tuar - **forecast**; toisc - **because**; ceannaire - **leader**; rith sé leis - **it occurred to him**; gur chóir dó - **that he should**; scairt - **call**; meitéareolaíocht - **meteorological**, atá le teacht - **that is coming**; ar dualgas - **on duty**; d'fhill - **returned**; adhmaid tine - **fire wood**; bailiú - **collect**; ullmhaithe - **prepared**; fós - **yet**; ghlaoigh - **called**; cinnte - **sure**; faoin am sin - **by that time**; dáiríre - **seriously**; buartha - **worried**; d'ordaigh - **ordered**; an oiread agus ab fhéidir - **as much as possible**; gur chosúil - **it was likely**; coicís - **fortnight**; go huile is go hiomlán - **totally and entirely**; cinnte dearfa - **absolutely certain**; amhras - **doubt**; is fuair riamh - **coldest ever**; ag breathnú - **observing**; eolaithe - **scientists**; connaidh - **firewood**; amhail - **as if**; deifir an diabhair - **devil of a hurry**;



SACAR - “AN CLUICHE ÁLAINN!”

Antóin Ó Seaghda

Ní saineolaí sacair mé ach cosúil le go leor daoine, tugaim sracfhéachaint ar cad a tharlaíonn sa Phríomhroinn agus sna sraitheanna i Sasana gach Satharn agus ar fhoireann na hÉireann nuair a bhíonn siad ag imirt. Baineann an chuid is mó de na hailt sacair sna meáin ní leis an gcluiche féin, ach le cé mhéad airgead atá ag an gclub, cé mhéad airgead atá mar thuarastal ag na himreoirí agus a méid a bhí le rá ag an mbainisteoir (i mBéarla briste!) tar éis cluiche. Mar, de ghnáth, ní tharlaíonn mórán ar an bpáirc. Bíonn na tuairisceoirí ag caint faoi ‘Na Réaltaí’ nua atá ag imirt ar taobh eile an domhain - peileadóirí óga atá ar fheabhas agus a bheidh ag imirt sa Phríomhroinn an bhliain seo chugainn. Tagann siad ón Afraic, ó Mheiriceá Theas, agus tíortha mar An Mholdóiv.



Tá rud amháin nach bhfuil in easnamh ag tuairisceoirí, peileadóirí agus bainisteoirí sacair agus is é sin ‘caint’. Is cuimhin liom na rudaí a bhí le rá ag an dream sin nuair a bhí an díospóireacht ann faoin gcluiche sacair i bPáirc Uí Chaoimh do chlann Liam Miller (Go ndéana Dia trócaire ar a anam). Dúirt peileadóir cáiliúil ó lucht sacar na hÉireann: ‘Is iad na seandineasáir chéanna sa CLG a dhéanann na seanchinntí céanna’. Sin an dream nach bhfuil staid mhaith acu dóibh féin, mar, i ndáiríre, tá an Staid Aviva roinnte idir lucht an rugbaí agus lucht an sacair. Is milliúnaithe iad an chuid is mó do na peileadóirí sacair ón tír seo atá ag imirt sa Phríomhroinn i Sasana. Tá pá €360k ag Príomhfheidhmeannach Chumann Peile na hÉireann (FAI), gan trácht ar thuarastal bhainisteoir na foirne náisiúnta. Cén tuarastal a bhíonn ag bainisteoirí tíortha eile? [Bhí 29 mbainisteoir Chorn Domhanda 2018 ag fáil níos mó! *eag*]. Ach níl siad in ann páirc mhaith dóibh féin a bheith acu. I Sasana, feiceann tú go mbíonn ar sheanpheileadóirí cáiliúla a gcuid bonn a dhíol, mar ní raibh an pá go maith na blianta ó shin, ach cá bhfuil na milliúnaithe agus Cumann Sacair Shasana (FA) nach dtugann siad cabhair do na peileadóirí sin. Cén fáth nach bhfuil peil Ghaelach ná iomáint á n-imirt san Aviva. Níl an pháirc mór go leor, is dócha. B’fhéidir gurbh é sin an plan ón tús.

An bhfuil ‘ionú na n-aistrithe’ oscailte fós. Sin peileadóirí sacair ag bogadh ó chlub amháin go club eile, a ngníomhaire ag déanamh an margaidh agus ag tógáil sciar maith an táille. Sin Sacar, “an cluiche álainn”.

Thosaigh mé ar dtús ag caint faoi pheileadóirí óga sacair ó thíortha eile mar An Mholdóiv. Deich mbliana ó shin, bhí go leor cainte sna meáin faoi fhear óg sé bliana déag d’aois ón tír sin. I liosta na peileadóirí óga is fearr ar domhan sa nuachtán cáiliúil ‘*The Times*’, bhí sé ag uimhir 30, **níos airde** ná Mesut Özil agus Robert Lewandowski. Masal Bugdov ab ainm an pheileadóir cháiliúil sin. Bhí na meáin sacair ag rá go raibh suim ag club *Arsenal* sa ‘**pheileadóir óg iontach**’ sin. Cén fáth gur bhain mé feidhm as uaschamóga (‘’) ag caint faoin bpeileadóir iontach sin? Mar ba scéal bréagach




é an scéal go léir. Ní raibh aon pheileadóir ann darbh ainm Masal Bugdov. In ainneoin go raibh sé ag uimhir 30 sa *The Times*, ní raibh sé cluiche sacair riamh, peileadóir samhailteach ab ea é. Agus bíonn siad ag caint faoi ‘bréagnuacht’ agus faoi Uachtarán Trump inniu! Cé a bhí taobh thiar den scéal faoi Masal Bugdov? D’admhaigh Declan

Varley, eagarthóir ghrúpa *Galway Advertiser*, gur ‘turgnamh sóisialta’ dá chuid a bhí ann. Bhí sé braon den mhéid cainte sna meáin sacair faoi pheileadóirí ag bogadh ó chlub go club eile. Chun tacú a thabhairt don chur i gcéill cuireadh téacs ar *Wikipedia*, tuairisceí bréaga ar *Associated Press* agus postálacha ar bhlaganna (ceann ó nuachtán Moldóiveach, *Diario Mo Thon*). Cár bh as an t-ainm? Thug ‘M’asal Beag Dubh’ ó pheann Phádraig Uí Chonaire an inspioráid do Declan chun a scéal a thosú (agus *Diario Mo Thon* ó ‘tóin’!) agus chuaigh sé mearscaipthe. Mar sin, nuair a fheiceann tú scéal sna meáin faoi shacar, bí cúramach. Sin sacar.

Cuardaigh an t-idirlíon faoi ‘Masal Bugdov’ chun tuilleadh a léamh.

Mé féin, tá áthas an domhan orm go bhfuil séasúr an CLG ag tosú.



DECLAN VARLEY

STANLEY KUBRICK i bPORT LÁIRGE

Áine Uí Mháirtín

Thóg Stanley Kubrick, stiúrthóir, léiritheoir, agus scríbhneoir scrípteanna, sorcas scannáin go Port Láirge, Earrach 1973. Bhí aisteoirí agus an criú, 170 duine ina iomláine, leis. Ní raibh a leithéid feicthe san áit roimhe. Bhí an-mheas ar Kubrick ó scannáin mar ‘*Paths of Glory* (1957)’, ‘*Spartacus* (1960)’, ‘*Dr Strangelove* (1964)’, agus ‘*2001– A Space Odyssey* (1968)’ agus míchlú ó scannáin mar ‘*Lolita* (1962)’ agus ‘*A Clockwork Orange* (1971)’.



Bhí \$11 milliún ag Kubrick ó *Warner Brothers* chun scannán a dhéanamh bunaithe ar leabhar William Makepeace Thackeray ó 1844, ‘*The Luck of Barry Lyndon*’, faoi chladhaire críochnaithe ach tarraingteach. Baineann a ghníomhaíochtaí le Cogadh na Seacht mBliain (1756-1763). D’fhan Kubrick agus a theaghlach tamall i mBaile Átha Cliath thiar i dteach ar cíós. Bhí sé an-tógtha leis na radhairc, le cultúr agus le muintir na hÉireann.



Bhí an chuid is mó de dhaonra Phort Láirge ar bís faoi shlua mór a bhí tagtha dá gceantar agus ag súil, b’fhéidir, le páirt a fháil sa scannán mar dhuine breise sna sluaradhairc. Bhí daoine eile faoi dhraíocht ag réaltaí an scannáin, Ryan Ó’Neal ó ‘*Love Story* (1970)’, Marisa Berenson ó ‘*Cabaret* (1970)’, Patrick Magee, Leonard Rossiter, Hardy Kruger, agus Godfrey Quigley. Bhí na déagóirí, agus cuid de na máithreacha chomh maith, i ngrá le O’Neal! Bhí lóistín curtha in áirithe do mhuintir an scannáin uile. Bhí leoraí

lónadóireachta acu i rith an lae ann agus bhí bia le fáil do cibé duine ar mhaith leis, agus briosaí do na páistí.

Bhí Kubrick an-tógtha leis an timpeallacht álainn. Bhí siad lonnaithe i bPort Láirge ach chaith siad tamall i mBaile Thomáis agus i gCarraig na Siúire freisin. Cheap sé go raibh an ceantar agus an tírdhreach go hálainn agus go mbainfeadh an radharc an anáil díot. Bhí na foirgnimh seanré, na caisleáin agus an tírdhreach níos oiriúnaí agus ag cur leis an 18ú haois. Ní raibh sé in ann láthair chomh oiriúnach a fháil i Sasana. D’úsáid siad Caisleán Átha Cliath agus sean teach Chúirt an Phaoraigh (a scriosadh i dtine, cúpla mí ina dhiaidh sin).

Bhí a lán deacrachtaí leis an scannán eipiciúil. Stiúrthóir an-éilitheach ab ea Kubrick agus chuir sé an-bhrú ar na haisteoirí. Thóg sé 150 téic éagsúil i gcomhair radharc amháin sula raibh sé sásta leis an toradh. Ní raibh Ryan O’Neal sásta ar chor ar bith, nó cuid de na haisteoirí eile. Bhí a lán fadhbanna leis an aimsir (an bháisteach) agus ar athléiriú na gcathanna sa scannán. Bhain Kubrick feidhm as saighdiúirí Arm na Breataine do na troideanna.

Chaith Kubrick trí chéad lá ag obair ar an scannán in Éirinn.

Fuair sé litir ó na Sealadaigh ag bagairt a bháis toisc na saighdiúirí ón mBreatain a bhí fostaithe aige. Cuireadh scanradh an domhain air. D’éalaigh sé agus a theaghlach ar an mbád go Sasana faoi ainmneacha bréaga agus chríochnaigh sé an scannán ansin i Sasana.

Nuair a bhí an scannán réidh don scáileán bhí \$12 milliún caite ag Kubrick. Bhí an pobal ag tnúth go mór leis an scannán.

Bhí an-tóir air sa Fhrainc ach theip air go dona i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Níor ghnóthaigh sé ach \$9.5 milliún. Ní róthógtha a bhí na léirmheastóirí leis ach an oiread. Cheap go leor acu go raibh sé rófhada (3 huairé) gur ghluais sé rómhall. Ach ainmníodh an scannán do sheacht nOscar agus bhuaigh sé ceithre chinn—Stiúradh Ealaíne, Scór Ceoil, Cineamatagrafaíocht, agus Deartha Feistis. Níor bhuaigh aon scannán eile leis an méid céanna Oscar. Daichead a ceathair bliana tar éis sheoladh ‘*Barry Lyndon*’ feictear air mar bhuaicphointe shaol scannánaíochta Stanley Kubrick.





TAE TRÁTHNÓNA i dTEACH AN ARDMHÉARA

Pádraig Mac Éil

Bhí lá oscailte ag Teach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath, an Aoine 18 Eanáir chun céad chruinniú poiblí Dháil Éireann i 1919 a chomóradh. Chuaigh Siúlóirí na hAoine chun cuairt a thabhairt ar an teach. Bhí an tArdmhéara, Nial Ó Rinn, ann chun fáilte Uí Cheallaigh a chur romhainn. Bhí taispeántas ‘Teach an Ardmhéara: Éirí Amach agus Daonlathas’ le feiceáil sa Seomra Darach. Faraor, ní raibh sé dátheangach. Fuaireamar biorán cuimhneacháin, agus leabhrán comórtha don ócáid. Mar bharr ar an iomlán thug an tArdmhéara cuireadh dúinn teacht ar ais do thae tráthnóna leis i mí Feabhra.



Bhí orm seoltaí na siúlóirí a bhailiú agus a thabhairt don Ardmhéara. Chuir sé ionadh orm nuair a dúradh liom go raibh os cionn 50 seoladh ríomhphoist ann. Ní fhaca mé os cionn 30 ag siúl ar an Aoine riamh! Bhí ionaid ann do 60 ag an tae agus sa deireadh leathnaigh mé an cuireadh do Ghaeilgeoirí eile agus bhí 67 seoladh agam. Bhí timpeall 50 in ann teacht ar an tráthnóna féin. Bhí 11 bhord cóirithe dúinn sa Seomra Darach. Ar dtús bhí ceapairí méara, filteoga sicín, mion-*quiche*-anna, *profiteroles* de bhradán deataithe agus de cháis ghabhair (cheap mise gur chístí iad *profiteroles*!), *bruschetta* ar mhion-tósta agus rollaithe cúirséad agus cáis ghadhair. Labhair bean chéile an Ardmhéara, Joyce, bean álainn chairdiúil, linn faoi stair an tí cháiliúil. Tháinig na cístí ansin, *profiterole* uachtar Bailey, slisní de chístí líomóide agus seaclaíde agus mionphróca posóid líomóide. Bhí cuid an chomhludair imithe chun seomraí an tí a fheiceáil sular tháinig na cístí ach rinne mise tréaniarracht a gcístí a ithe dóibh!




Chaitheamar tamall ag spaisteoireacht timpeall an tí, ag tabhairt cuairte ar ghach seomra chun an troscáin agus na pictiúirí d’uasaicme na cathrach in aimsir na hImpireachta a fheiceáil. Fear Ionaid an Rí a bhí i gcuid acu gan mórán bá acu leis na gnáth Éireannaigh. Uaireanta, cónaíonn an tArdmhéara agus a theaghlach sa teach le linn dó bheith i bhfeidhmeannas (bliain amháin) ach fanann Nial, Joyce agus a gceathrar mac ina dteach i gCluain Tarbh. Cuireadh sárphianódóir ar fáil dúinn sa seomra suí agus bhí ceol agus craic againn ansin. Mar is ghnáth ba iad na mná a bhí chun tosaigh leis na hamhráin agus leis an rince. Is furasta a bheith críonna tar éis an bhirt ach caithfidh mé focail cúpla amhrán a fhoghlaim uair éigin. Is trua nach féidir liom guth amhránaí a fháil in ionad an chinn phréachánaigh atá agam faoi láthair. Shocraigh mé gan triail a bhaint as an rince. Bhí eagla go gcuirfeadh mo mheáchan an iomarca struis ar seanurlár an tí ach thug Rae Ó Ceallaigh agus a bhean, Aine sárthaispeántas rince dúinn. Shiúil Joyce timpeall ag caint linn agus bhí Nial ag dul timpeall le gloidíní fíona dúinn. Tráthnóna breá Ghaelach a bhí ann a bhuíochas sin don bheirt theochroíoch fháiltiúil chairdiúil chneasta sin.



ÓN SPÁINN GO SLIGEACH

Mari Enright

Tamall ó shin agus mé sa Spáinn ag léamh an nuachtáin, *La Opinión Murcia*, tarraingíodh m'aird don fhocal, **SLIGO**. De réir an ailt, bíonn searmanas cuimhneacháin gach Meán Fómhair i *Streedagh, en el condado de Sligo* agus lena linn sin cuireann na daoine i láthair 1,100 cros adhmaid ar an trá i gcuimhne ar 1,100 saighdiúir agus mairnéalach a cailleadh ann nuair a chuaigh trí long den Armáid Spáinneach (*La Juliana, La Lavia* agus *Santa María de Visón*) go tóin poill i mí Mheán Fómhair, 1588. Tuairiscíodh freisin go raibh Rialtais na hÉireann agus na Spáinne ag comhoibriú sa tochailt faoin uisce i láthair na huairé i gcás an bháid, *La Juliana*. B'í an chéad uair a chuala mise faoi An tSrithideach nó faoi *La Juliana*. Bhí orm féin dul "ag tochailt".



Conas a tharla go bhfuair 1,100 Spáinneach bás ar chósta Shligigh? Thosaigh an scéal sa bhliain 1588 nuair a sheol Rí na Spáinne, Pilib II, cabhlach le 130 long agus 30,000 fear chun ionsaí a dhéanamh ar Éilís I Shasana. Mar is gnáth, bhí reiligiún i lár an achrainn ós rud é go raibh Pilib, Caitliceach diongbháilte, ag iarraidh go mbeadh Caitliceachas i Sasana in ionad an Phrotastúnachais. Ach freisin, bhí fonn ar Philib a chuid cumhachta a leathnú, agus b'fhéidir Sasana a chur faoina smacht.

Bhí an Armáid faoi cheannasaíocht an Diúic de Medina Sidonia, Riarthóir Míleata ach gan aon taithí chabhlaigh aige – fiú, bhí tinneas farraige air i dtosach! Ba é an plean go mbaileodh siad fórsaí Spáinneacha eile (20,000) a bhí i bhFlóndras ach, faraor, ní raibh siadsan réidh agus b'éigean don loingearas dul ar ancaire agus fanacht gar do Calais. Bhí cabhlach Shasana, faoi Francis Drake, réidh chun leas a bhaint as an moill seo. I rith na hoíche, chuir said ocht long dóiteáin i measc na hArmáide. Cuireadh na Spáinnigh ina gcior thuathail, scaipeadh iad, ghearr siad na hancairí chun bogadh as an áit go tapa agus chaill siad cúig bhád. An lá dár gcionn, bhí Cath Cabhlaigh idir an dá thaobh gar do Gravelines. Maraíodh 600 Spáinneach, goineadh 800, gabhadh 397 agus cailleadh fiche long eile. Ba shuntasach an cath sin i stair na hEorpa mar, as sin i leith, a bheag nó a mhór, bhí an lámh in uachtar ag Sasana. Arís, bhí an chinniúint in aghaidh na Spáinneach. Bhí an ghaoth á



mbrú i dtreo an ghainimh. Ansin, chuaigh an ghaoth ar mhalairt treo ag cur na long don Mhuir Thuaidh. Agus na Sasanaigh ag cur baic orthu, ní raibh de rogha acu ach filleadh ar An Spáinn thar thuaisceart na hAlban agus cósta thiar na hÉireann. Bhí feachtaí láidre san fharraige agus bhí na fir gan bhia ná uisce. Faoi dheireadh is faoi dheoidh, tháinig siad go cósta na hÉireann, áit ar bhuail stoirm fhíochmhar leo. Bhí an aimsir go huafásach dona. Ceal ancairí, ní rabhadar in ann dul ar foscadh. Caitheadh ar na carraigeacha iad. Cailleadh 26 long agus 6,000 fear ar ár gcósta. D'éag 18,000 san iomlán agus níor fhíll ach thart ar 67 long ar an Spáinn. Míle go leith ó An tSrithideach a briseadh na trí long, *La Juliana, La Lavia* agus *Santa María de Visón*. Bádh 1,100 ar a laghad ansin agus bhásaigh fórsaí na Banríona thart ar trí chéad a tháinig slán ón mbriseadh. De réir litreach fada a scríobh marthanóir cáiliúil, An Captaen Francisco de Cuéllar, chreach muintir na háite na báid bhriste agus nochtadh na Spáinnigh dá gcuid éadaí agus earraí. Ach tugadh dídean do roinnt Spáinneach, eisean ina measc. Anois, tá Siúlóid i Sligeach ina chuimhne.

I 2015, sa tochtaltán faoi uisce ar *La Juliana*, thángthas ar naoi gcanóin chré-umha agus déantáin eile. Tá cóireáil speisialta á cur orthu faoi láthair. Anuraidh, d'oscail an tAire, Charlie Flanagan, Ionad Cuairteoirí na hArmáide agus ó 2015 ar aghaidh, ghlac long chabhlaigh ón Spáinn páirt sa Chomóradh bliantúil in An tSrithideach. Tá lucht seandálaíochta sa Spáinn an-bhuíoch agus an-tógtha lenár saothar anseo, á rá gur chóir do Rialtas na Spáinne a fhoghlaim ó Éirinn!....Bhuel!....¡Qué sorpresa!



AGALLAMH LE BEAN AN ARDMHÉARA

Máire Blundell

Is mac léinn lánfhásta mé faoi láthair in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag staidéar Iriseoireachta agus Gaeilge. D'fhreastal mé ar thae tráthnóna i dTeach an Ardmhéara i mí Feabhra le timpeall 60 Gaeilgeoir eile. D'fháiltigh ár sáróstaigh, Nial agus Joyce Ring, sinn. Labhair siad le grúpaí éagsúla dinn i rith an tráthnóna. Rinne Joyce siamsa dúinn le scéalta faoi stair an tí. Ba é an sméar mhullaigh ar an scéal domsa nuair a thoiligh sí an deis a thabhairt dom í a chur faoi agallamh. Labhraíomar le chéile ar tholg i seomra suí sa Teach.



Máire: Inis dom beagán faoi do chúlra agus faoi do shaol anois.

Joyce: Rugadh agus tógadh mé i mBaile na Lobhar ach bhog mé go dtí taobh eile na Life nuair a phós mé Nial. Bhíomar inár gcónaí i Charlemont ar feadh tamaill agus anois táimid lonnaithe i gCluain Tarbh. Oibrím i gcuideachta Nial anseo gach lá agus tá mé ag staidéar do Mháistreacht sa tSíciteiripe freisin.

M: Cad a bhí uait nuair a d'fhás tú aníos agus tusa ina pháiste?

J: Ní raibh aon aisling mhór agam. Agus mé i mo pháiste thaitin sé go mór liom bheith amuigh faoin spéir ag imirt. Ní raibh mé ag smaoineamh ar slí bheatha ag an am.

M: Cad é an rud is fearr atá déanta agat go nuige seo?

J: Mar a d'fhreagródh beagnach gach máthair is é saolú agus tógáil mo chlainne, ceathrar mac. Ba chúpla an chéad bheirt a rugadh. Ba thréimhse an-ghnóthach domsa agus do Nial é agus bhí air a chion féin den athrú clúidíní agus den bheathú oíche a dhéanamh.

M: Cad iad na codanna is fearr agus is measa den phost mar Bhean Ardmhéara?

J: Is é an rud is fearr ná bheith ag bualadh le gnáthphobal na cathrach. Is breá linn cuireadh a thabhairt dóibh teacht chuig Teach an Ardmhéara agus labhairt linn. Tá siad an-suimiúil. Is é rud is measa ná an méid mór ama a chaitheann Nial ag freastal ar chruinnithe agus araile.

M: Cén áit is ansa leat i mBaile Átha Cliath?

J: Gan amhras an áit is fearr liom ná Aghaidh na Farraige i gCluain Tarbh. Is mór liom bheith ag siúl ansin leis na madraí. Tá an t-ádh dearg orainn bheith inár gcónaí in aice láimhe.

M: Conas a ligeann tú do scíth?

J: Tá roinnt gharghaolta agus dlúthchairde agam agus is breá liom bualadh leo agus mo shuaimhneas a dhéanamh. Bainim taitneamh freisin as mo chomhluadar le mo mhic. Tugann siad barróg dom, fiú, anois agus arís!

M: Ar bhuail tú le daoine suimiúla agus cáiliúla mar bhean an Ardmhéara?

J: Bhí an t-ádh liom bualadh le daoine cáiliúla mar shampla An tUachtarán agus a bhean chéile, agus An Prionsa Harry agus a bhean Megan anuraidh. Creidim, áfach, go bhfuil gach duine mar an gcéanna agus is i ngnáth daoine na cathrach is mó a chuirim mo shuim.

M: An bhfuil tú chun aon rud speisialta a dhéanamh nuair a chríochnaíonn tusa agus Nial do théarma oifige i dTeach an Ardmhéara?

J: Tá súil agam saoire dheas a eagrú don seisear againn ansin. Taitníonn saoire teaghlaigh go han-mhór liom. Beidh mé críochnaithe le mo chúrsa choláiste faoin am sin freisin agus beidh an deis agam mo scíth a ligean i mo ghairdín.

M: Gabhaim buíochas leat arís as caint liom inniu agus as an fíorfháilte a chuir tusa agus Nial roimh ár nGrúpa, Gaeilgeoirí Bhaile Átha Cliath, chuig Teach an Ardmhéara.








SÓIVÉID LUIMNIGH - AIBREÁN 1919

Pádraig Mac Éil

Aidiúnach den Dara Bhriogáid Chathair Luimnigh, Óglaigh na hÉireann (ÓÉ), agus toscaire den Chumann Chléireach Poist ab ea Roibeard Ó Broin. Cuireadh i bpríosúin é in Earrach 1919. Chuaigh sé ar stailc ocras agus bogadh é go hAontas Luimnigh faoi gharda sheisear ó Chonstáblacht Ríoga na hÉireann. Ar an 6 Aibreán rinne ÓÉ iarracht é a scaoileadh. San eachtra maraíodh Constábla Martin O'Brien agus goineadh póilín eile agus Ó Broin go dona. Tógadh Ó Broin go Míleac, Co an Chláir ach fuair sé bás an lá dár gcionn. Bhí os cionn 10,000 duine ag a shochraid, 9 Aibreán. Chuir An Briogáidire-Ghinearál Griffin, Arm na Breataine, carranna armúrtha agus a lán saighdiúirí ar na sráideanna agus fiú eitleán sa spéir. D'fhógair sé an chathair mar Limistéar Míleata Speisialta ón Luan 14 Aibreán. Cuireadh barracáidí timpeall cuid den chathair. B'éigean do na daoine pas a fháil chun taisteal isteach nó amach an limistéar.




An 12 Aibreán chuaigh oibríthe ó Cheardchumann Oibríthe Iompair agus Ilsaothair na hÉireann i monarcha *Cleeve's* (im agus bainne comhdhlúite) ar stailc. Tar éis díospóireachta fada d'fhógair Comhairle Aontaithe na gCeirdeanna agus na nOibríthe ollstailc ar 13 Aibreán. Tugadh freagracht do bhia, do bholscaireacht, d'airgeadas agus d'fhorairdeall do choistí éagsúla. Chuaigh 14,000 oibrí ar stailc. Tar éis tamaill thug na meáin 'sóivéid' (coiste féinrialaitheach), ar an gComhairle. Bhí an téarma seo i mbéal na ndaoine ó sóivéideanna sa Rúis i 1917 agus sa Ghearmáin agus san Ungáir i 1919. Bhí an ceann i Luimneach cosúil leo ach amháin nár thóg sé seilbh ar úinéireacht ná ar tháirgí na monarchana. Éagsúlacht eile a thug iriseoir ón '*Chicago Tribune*' faoi deara ná na picéadaigh lena suaitheantas dearga ag seasamh nuair a bhuail clog an Aingil.



Ba é John Cronin, siúinéir, ceannaire choiste na stailce. D'eagraigh an coiste a bhí lonnaithe in Institiúid na Meicneoirí lón bia agus soláthar breosla. Bhí a nuachtán féin acu, '*The Worker's Bulletin*'. Ligeadh na gnáth nuachtáin eagrán sa tseachtain a fhoilsiú leis an mana '*foilsithe le cead choiste na stailce*' orthu. Dúnadh óstáin, bialanna agus tábhairní. D'oscail na pictiúrlanna leis an bhfógra '*ag obair faoi údarás Choiste na Stailce*'. Thug siad ceadanna do shiopaí oscailt agus bia a dhíol ó 2-5pm gach lá. Cuireadh diansmacht ar chostas an bhia agus foilsíodh fógrán ag taispeáint liosta de na praghsanna miondíola agus ag bagairt aon duine a bhí ag brabúsaíocht. Thacaigh na báicéirí leis an stailc agus mar sin bhí arán úr ann gach lá. Bhí na huachtarlanna dúnta agus mar sin bhí flúirse bainne. Díoladh í ar leath an ghnáth phraghais. Ghabh an tsóivéid 7,000 tonna gráin ó long Cheanadach agus smuigleáil a dtacadóirí isteach trí na barracáidí é. Dhiúltaigh na ceannaithe guail é a dhíol ach ní dhearna an tsóivéid aon rud faoi sin. Bhí ganntanas airgid ann agus d'eisigh an tsóivéid a hairgeadra féin, nótaí 1, 5 agus 10 scilling, ceann de na rudaí ba réabhlóidí a rinne siad. Shínigh an clódóir, James Casey, iad. Ní raibh tagairt do thír nó do bhanc (nó don tsóivéid) orthu ach síniú an chlódóra, James Casey agus na focail '*Oibríthe Luimnigh*' agus '*Ollstailc*'.

Bhí oibríthe Luimnigh ag súil go leathnódh an ollstailc thar an tír iomlán. Ní raibh fonn ar cheannairí na gCeardchumann i mBaile Átha Cliath, Sinn Féin nó Páirtí an Lucht Oibre (William O'Brien, Tom Johnson) go leathnódh sí. D'ordaigh na Ceardchumann a bhí lonnaithe i Sasana dá mbaill gan dul ar stailc ar bhonn 'polaitiúil'. Bhí plean ag ceannairí na gCeardchumann oibríthe Luimnigh a aslonnú ón chathair. Chuir sin beaguchtach ar phobal Luimnigh. Ní raibh an comhdhearcahd céanna ó mhuintir na cathrach don stailc. D'iarr Ard mhéara agus Easpag Luimnigh ar an gcoiste deireadh a chur leis an stailc.

Rinneadh sin an 27 Aibreán tar éis saol coicise. Níor tharla aon chreachadóireacht sa tsóivéid i rith na coicise.






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-38

SÍOS

TRASNA



1	hope (6)	2	gilded (7)
5	pepper (6)	3	hat (4)
9	back (3)	4	squirt (6)
11	appointed (7)	5	flattery (6)
12	gaiety (7)	6	eight (4)
13	thanksgiving (4)	7	armpit (7)
14	platform (5)	8	squash (6)
16	administration (4)	10	storehouse (6)
18	pair (3)	15	revenge (7)
20	crag (6)	17	family (5)
23	cauliflower (6)	19	coffin (5)
25	armoury (7)	21	proper (3)
26	fairly women (6)	22	love (3)
28	orator (6)	23	nut (3)
31	stem (3)	24	them (3)
33	strap (4)	26	mountain (6)
34	fire-tongs (5)	27	change (7)
35	little (4)	29	departure (7)
38	parsimony (7)	30	cheating (5)
39	ditty (7)	31	sounding (6)
40	strand (3)	32	sack-race (6)
41	bent (6)	36	ravine (4)
42	gi...	37	morass (4)



CUARDACH FOCAL 38

éadaí 3 / clothes 3

C	A	F	R	Í	N	D	A	É	R	I	A	B	A	B
B	A	R	R	Í	D	N	V	A	Ú	C	A	T	I	H
C	A	I	P	Í	A	E	A	N	S	D	Ú	B	A	B
T	R	I	B	Í	E	C	S	I	Ú	B	A	B	T	H
E	A	B	A	A	S	B	Í	N	S	C	V	Ú	B	Í
C	N	A	R	R	B	I	S	F	V	T	Á	H	A	D
B	A	I	R	E	I	H	M	Á	E	C	L	I	L	A
É	B	R	I	B	H	A	L	F	E	D	C	D	A	R
I	R	R	N	V	C	A	B	A	Ú	F	A	S	C	Ó
R	É	Í	F	A	M	L	F	N	E	Ó	L	E	Á	D
É	T	N	A	A	L	Í	S	D	A	R	A	A	V	A
B	A	E	C	I	N	F	Ó	R	D	B	B	B	A	E
R	I	É	L	Ó	B	R	B	E	I	R	R	É	M	F
U	S	E	R	C	A	I	F	I	R	Í	N	U	A	Í
T	R	I	L	B	A	Í	A	B	L	O	I	R	T	N

	babhlaer (bowler)	camalávca (kamilavka)
	babúisce (babushka)	feadóra (fedora)
	bairéad (biretta)	hata (hat)
	bairrín (mitre)	hidseab (hijab)
	balacláva (balaclava)	niceab (niqab)
	beiré (beret)	snúda (snood)
	caifirín (headscarf)	triolbaí (trilby)
	caipín (cap)	turban (turban)

AN TAOBH Ó THUAIDH

irisPot2014@gmail.com



FOCLÓIR

béarlagar na bainistíochta: **management speak**
 gaotaireacht: **waffle**
 iléagsúlacht: **diversity (RTÉ)**
 mionsonraí: **particulars, details**
 neamhréir: **inconsistency**
 tionscadal: **project**
 míreanna: **elements**
 ag maíomh: **boasting**
 sruth na meala: **gravy train**

seanré: **period, old**
 an-éilitheach: **very demanding**
 téic: **take**
 athléiriú: **reenacting**
 ag tnúth: **eagerly expecting**
 buaicphointe: **high point**

bolscaireacht: **propaganda**
 forairdeall: **vigilance**
 táirgí: **products**
 airgeadra: **currency**
 picéadaigh: **pickets**
 suaitheantas: **badge**
 clog an aingil: **angelus**
 ceadanna: **permits**
 ag brabúsaíocht: **profiteering**
 beaguchtach: **loss of heart**
 comhdhearcadh: **consensus**
 creachadóireacht: **looting**

gileacht: **brightness**
 gabha dubh: **dipper**
 go guagach: **waveringly**
 meander: **instant**
 aonscothanna: **lesser celandine**

fillteog: **wrap**
 i bhfeidhmeannais: **in office**
 tar éis an bhirt: **after the event**

geabhróg: **tern**
 clochrán: **wheatear**
 crotach eanaigh: **whimbrel**
 An Mháratáin: **Mauritania**
 fáinleog: **swallow**
 riasc: **marsh**
 giolcacha: **reeds**
 ceolaire cíbe: **sedge warbler**
 caomhnaithe: **preserved**
 tearmann: **sanctuary**

Príomhroinn: **Premiership**
 ionú na n-aistrithe: **transfer window**
 samhailteach: **imaginary**
 turgnamh: **experiment**
 mearscaipthe: **viral**

diongbháilte: **staunch**
 dóiteán: **fire**
 ina gcíor tuathail: **in confusion**
 feachtaí: **currents**
 faoi dheireadh is faoi dheoidh: **at long last**
 marthanóir: **survivor**
 tochtaltán: **excavation**
 déantáin: **artefacts**
 cóireáil: **treatment**

léiritheoir: **producer**
 míchlú: **notoriety**
 cladhaire: **rogue**
 críochnaithe: **complete**
 ar bís: **excited**

lánfhásta: **mature**
 sméar mhullaigh ar an scéal: **icing on the cake**

Aidiúnach: **Adjutant**
 Aontas: **Union**
 goineadh: **was wounded**

CROSFHOCAL BG XBG-37: RÉITEACH

	¹ B	² E	A	³ C	H	⁴ T		⁵ A	E	⁶ R	Á	⁷ I	D	
⁸ S		A		Á		⁹ O	R	M		I		M		¹⁰ A
¹¹ P	I	C	T	I	Ú	R		¹² A	I	B	R	E	Á	N
Ú		H		N		M		D		E		A		U
¹³ N	I	T	E		¹⁴ C	A	¹⁵ D	Á	S		¹⁶ Ó	G	R	A
Ó		R		¹⁷ A		¹⁸ S	Í	N		¹⁹ B		L		I
²⁰ G	²¹ É	A	N	N	²² A		B		²³ B	A	G	A	²⁴ I	R
	A			²⁵ Á	I	S	I	Ú	I	L			Ú	
²⁶ A	G		²⁷ A	L	T		R		²⁸ A	B	A	²⁹ I	R	³⁰ T
O		³¹ G		Ú		³² I	T	³³ E		H		O		Ó
³⁴ S	O	R	N		³⁵ A	M		³⁶ A	E		³⁷ I	M	I	R
T		U			³⁸ L	A	S		³⁹ S		A		Á	
⁴⁰ A	S	A	R	⁴¹ L	A	Í		⁴² P	A	I	D	R	Í	N
		I		É		⁴³ N	I	A		Ú		C		
⁴⁴ S	Ú	M	A	I	R	E		⁴⁵ G	A	D	H	A	I	R

CUARDACH FOCAL 37: RÉITEACH

G	R	N	L	A	S	A	L	N	Ú	R	G	O	E	F
O	M	Í	N	S	C	O	T	H	F	N	S	Ó	G	E
S	Í	L	Á	N	L	S	N	Á	L	A	E	R	B	
M	N	C	O	H	D	A	R	A	E	F	I	C	Ú	H
A	N	P	R	H	D	N	R	A	E	F	R	O	N	D
E	S	L	Á	É	G	R	Á	L	S	É	A	M	D	A
S	A	L	L	E	A	N	D	R	A	L	L	Á	N	H
A	U	A	Á	S	H	C	I	C	H	T	N	Á	D	M
I	N	E	R	N	N	D	H	A	C	B	L	N	O	A
N	H	U	B	Í	L	T	M	T	R	L	A	L	I	S
L	T	A	M	Í	L	U	A	M	A	R	T	E	L	C
E	A	E	T	U	R	A	S	E	B	C	A	E	F	N
O	E	F	S	L	Á	N	R	U	S	E	H	S	L	U
G	B	E	A	T	H	B	G	Ó	S	M	A	E	S	P
S	P	O	N	Á	L	A	H	C	A	U	B	O	P	S

SEANFHOCAL

Aithníonn an fhuil a chéile
Blood is thicker than water

CUAIRTEOIRÍ AR OILEÁN AN BHULLA *Proinsias Mac an Bheatha*

Tá an samhradh ag teacht is na laethanta ag éirí níos faide. Faoi dheireadh tá breis teasa le mothú san aer. Seo an t-am le bheith ag smaoineamh faoi na cuairteoirí le cleití atá ag filleadh chugainn faoi láthair. Imíonn roinnt speiceas éin chuig an leathsféar ó dheas mar bíonn teas agus bia ansin le linn ár ngeimhridh. Len ár samhradh os ár gcomhair, filleann na héin imirceacha sin, agus is chuig Oileán an Bhulla a fhilleann cuid mhaith acu.

Éan amháin a thagann ná **An Gheabhróg Artach** a chaitheann ár ngeimhreadh san Antartach. Sin turas slí amháin de 16,000km. Tá an t-eolas seo againn de bharr fáinne a chur ar chosa na sicíní i gcuan Átha Cliath. Aimsíodh roinnt acu chomh fada ó dheas leis an Nua Shéalainn. Sin aistear 17,800km.



An Gheabhróg Artach



An Clochrán

Éin eile a thagann ná **An Clochrán** a chaitheann an geimhreadh san Afraic Theas. Bhíodh siad ag déanamh neadacha ar Oileán an Bhulla, ach ní inniu toisc na sluaite daoine a bhíonn ar an oileán. Bíonn siad le feiceáil ar na clocha ar an tslí síos chuig dealbh na Maighdine Muire, i mí Aibreán agus arís i Mí Dheireadh Fómhair.

Coimeád súil amach don **Chrotach Eanaigh** a thagann aneas ón Máratáin (tír in iarthuaisceart na hAfraice) agus ó na hOileáin Chanáracha i mí na Bealtaine.



An Crotach Eanaigh

Imíonn siad ar aghaidh ansin go hAlbain agus na Críocha Lochlannacha chun a neadacha a dhéanamh.



An Fáinleog

Tagann **An Fháinleog** chugainn freisin. Caitheann siad an geimhreadh san Afraic Theas agus filleann siad go hÉirinn i mí na Bealtaine. Déanann siad a neadacha i bhfoirgnimh nó i sciobóil atá ag na Cumainn Ghailf ar an oileán.

Le roinnt blianta anuas tá riasc le giolcacha tar éis fás ar dheisceart an oileáin cóngarach leis an mBalla Thuaidh. Tá **An Ceolaire Cíbe** le feiceáil, agus go háirithe le cloisteáil, anseo sa samhradh. Le bliain nó



An Ceolaire Cíbe

dhó anois tá siad ag déanamh neadacha ann chomh maith.

Níl anseo ach rogha bheag de mhéid na n-éan a thagann ar chuairt chuig Oileán an Bhulla sa samhradh. Mar sin bí ag coimeád súil amach dóibh agus tú ag glacadh aeir ar an oileán álainn sin, atá caomhnaithe mar thearmann bithsféir de chuid Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA/[UNESCO](#)).

